Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12491/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0246 (NLE)**

**AGRI 434**
**PROBA 32**
**WTO 163**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca leis na Rialacha Nós Imeachta faoin gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, a leasú, a mhéid a bhaineann le tréimhse conartha iniúchóra sheachtraigh |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca leis na Rialacha Nós Imeachta faoin gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, a leasú, a mhéid a bhaineann le tréimhse conartha iniúchóra sheachtraigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 ('an Coinbhinsiún') i gcrích trí bhíthin Chinneadh 96/88/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana i dtús báire agus cuireadh síneadh leis go tráthrialta ó shin.

(2) D'fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán na Rialacha Nós Imeachta faoin gCoinbhinsiún ('na Rialacha Nós Imeachta') an 6 Iúil 1995.

(3) Leagtar síos i Riail 31, pointe (a), de na Rialacha Nós Imeachta go bhfuil iniúchóir seachtrach neamhspleách le hainmniú ar feadh 3 bliana, tréimse a fhéadfar a athnuachan uair amháin, ar feadh 2 bhliain ar a mhéad.

(4) An 14 Aibreán 2022, mhol Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán leasú a dhéanamh ar Riail 31, pointe (a), d'fhonn tréimhse ainmniúcháin an iniúchóra sheachtraigh neamhspleách a mhéadú ó 3 go 5 bliana, tréimhse a fhéadfar a athnuachan uair amháin, ar feadh 3 bliana ar a mhéad. Is é is cuspóir don leasú tréimhse chonartha níos faide a thairiscint d'iniúchóirí féideartha, a thairgfeadh praghsanna níos iomaíche le haghaidh a gcuid seirbhísí ina chúiteamh sin.

---

[1] Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a leagan síos i dtaca leis na Rialacha Nós Imeachta a leasú maidir le tréimhse chonartha an iniúchóra sheachtraigh. Is é is aidhm don leasú atá beartaithe feabhas a chur ar inbhuanaitheacht airgeadais na Comhairle Idirnáisiúnta Grán agus, dá bhrí sin, tá sé chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán vóta a chaitheamh i bhfabhar Riail 31, pointe (a), de na Rialacha Nós Imeachta faoin gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, a leasú, i gcomhréir leis an togra a thíolaic Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán isteach an 14 Aibreán 2022, arb é is cuspóir dó tréimhse chonartha an iniúchóra sheachtraigh a mhéadú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*